



GAISCE
THE PRESIDENT'S
AWARD



**AN GRADAM AIRGID
PACA EOLAIS**

DO GHRADAM AIRGEAD

Comhghairdeas as chláru do Ghradam Airgid Gaisce!

Is mór an éacht é an pointe seo a bheith sroichte agat. Ba mhaith le Foireann Gaisce gach rath a ghuí ort ar do Thuras Gaisce Airgid. Istigh leis seo gheobhaidh tú faisnéis a bheidh úsáideach duit do do Ghradam Airgid.

Cuimhnigh: is é do PAL an duine a chabhróidh leat an gradam a bhaint amach. Mar sin féin, má tá tú os cionn 18 agus má theastaíonn tuilleadh cúnamh uait ón Oifigeach Forbartha Réigiúnaí ábhartha, lean an nasc seo chun dul i dteagmháil [d'Oifigeach Forbartha](#)

Chun an Gradam Airgead a fháil, beidh ort:

- Uair an chloig sa tseachtain a chaitheamh ar gach ceann de na réimsí dúshláin thíos, **26 seachtaine san iomlán.**
- Mura bhfuil Gradam Cré-umha críochnaithe agat cheana féin beidh ort 26 seachtaine breise a chaitheamh ar cheann amháin de na gníomhaíochtaí seo.
- **Turas Eachtraíochta** a dhéanamh ar feadh **3 lá agus 2 oíche.**




DO RÉIMSI DÚSHLÁIN A ROGHNÚ

Díreach mar a tharla sa Ghradam Cré-umha, cabhróidh do PAL leat gníomhaíochtaí a roghnú a dhéanfaidh tú i ngach ceann de na réimsí dúshláin. Caithfidh an PAL a chinntiú go gcomhlíonann na gníomhaíochtaí a roghnaíonn tú critéir an ghradaim.

Is féidir leat leanúint leis na gníomhaíochtaí a roghnaigh tú do do Ghradam Cré-umha nó gníomhaíochtaí nua a roghnú.

Agus gníomhaíocht a roghnú agat do do ghradam, smaoinigh ar na nithe seo a leanas:

- An mairfidh sí 26 seachtaine?
- Cé a déarfadh go bhfuil na gníomhaíochtaí déanta agam?
- Mura bhfuil gradam Cré-umha agat, cad air a chaithfidh tú do 26 seachtaine breise? 

SMAOINTE AGUS MOLTAÍ DO NA RÉIMSI DÚSHLÁIN



**Smaointe do
Scileanna
Pearsanta**

[Clliceáil lena íoslódáil >](#)



**Smaointe do
Rannpháirtíocht
sa Phobal**

[Clliceáil lena íoslódáil >](#)




**Smaointe faoi
Chaitheamh
Aimsire Fisiceach**

[Clliceáil lena íoslódáil >](#)

AN TURAS EACHTRAÍOCHTA

Is minic a bhaineann rannpháirtithe Gaisce sult níos mó as an Turas Eachtraíochta ná as rud ar bith eile. Beidh cuimhne agat ar an turas seo le fada fada, fiú tar éis an ghradam a dhéanamh.

Don Ghradam Airgid, **3 lá agus 2 oíche** amháin as baile atá i gceist sa Turas Eachtraíochta.



Más duine faoi 18 nó duine leochaileach thú, oibreoidh do PAL leat chun do thuras eachtraíochta Airgid a chomhordú. Ba cheart duit a bheith páirteach go gníomhach i bpleanáil agus in ullmhú an turais eachtraíochta.

Más duine os cionn 18 mbliain d'aois thú, is féidir leat dul i gceannas ar an bpleanáil agus ar an turas eachtraíochta féin. Cinntigh go n-aontaíonn tú le do PAL conas a thabharfaidh tú faoi do thuras eachtraíochta agus conas mar a chomhlíonfaidh sé na riachtanais, agus conas mar a bhaileodh sé fianaise air.

Bíodh eolas maith agat ar na riachtanais ar fad don turas eachtraíochta sula bhfágann tú an teach.



RIACHTANAIS AN TURAS EACHTRAIOCHTA - GRADAM AIRGID

- Ní mór an Turas Eachtraíochta a phleanáil mar thuras nó mar thaiscéalaíocht a bhfuil cuspóir leis, agus is gá taisteal ón mbaile sa dá chás.
- Ba cheart gach Turas Eachtraíochta a dhéanamh le grúpaí beaga daoine óga den aois chéanna, tuairim is 4-10 duine ag leibhéal Cré-umha, Airgid agus Óir. Ba cheart do ghrúpaí móra iad féin a roinnt ina bhfoirne beaga agus tús a chur leis an turas ag eatraimh.



- Caithfidh na rannpháirtithe an turas a dhéanamh gan chabhair ó rothar, cathaoir rothaí, seol, cadhc, inneall srl., gan chúnadh seachtrach. Is féidir an Turas Eachtraíochta a dhéanamh ar thalamh nó ar uisce.
- Ba cheart go ndéanfaidh an PAL maoirsiú ar gach Turas Eachtraíochta (le líon oiriúnach daltaí agus PALanna), go háirithe nuair is rannpháirtithe faoi 18 mbliana d'aois nó daoine fásta leochaileacha iad. Nuair nach bhfuil PAL in ann maoirsiú a dhéanamh ar Thuras Eachtraíochta is féidir le duine fásta eile ó Chomhpháirtí Ghradam Gaisce atá grinnscrúdaithe/scagtha agus a bhfuil eolas aige/aici ar phleanáil an Turais Eachtraíochta é a dhéanamh in áit an PAL sin.

- Caithfidh na rannpháirtithe páirt a ghlacadh sa phleanáil agus sna hullmhúcháin dá dTuras Eachtraíochta.
- Caithfidh gach rannpháirtí na hullmhúcháin chúí a dhéanamh agus an trealamh ceart a bheith acu dá dTuras Eachtraíochta.
- Caithfidh na rannpháirtithe fanacht i mbrú féinfhreastail, i bpuball nó i bhfoirm eile den chineál seo cóiríochta.



- Caithfidh na rannpháirtithe príomhbhéile amháin ar a laghad a phleanáil agus a ullmhú le chéile gach lá ar an Turas Eachtraíochta.
- Ba cheart tabhairt faoin Turas Eachtraíochta le duine atá oilte nó cáilithe go cúí m.sh. i gcás marcaíocht capall, gníomhaíochtaí uisce.

- Ní mór do rannpháirtithe gach fearas agus trealamh a bheidh ag teastáil uathu ar an Turas Eachtraíochta a aimsiú roimh ré agus a iompar leo.
- Ba chóir go mbeadh an Turas Eachtraíochta dúshlánach ach é a bheith laistigh de chumas agus leibhéal aclaíochta na rannpháirtithe.
- Ní mór an taisteal ar an Turas Eachtraíochta a dhéanamh ag aon am amháin.

- Ach amháin i gcás an Ghradaim Chré-umha, ina nglactar le bealaí lúbtha, ba cheart go rachadh an turas ó phointe A go pointe B go pointe C agus mar sin de.
- Ar chríoch an Turais Eachtraíochta ba chóir do PALanna athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh leis na rannpháirtithe.



CUNTAS A CHOIMEÁD AR DO GHRADAM

Bí cinnte go labhrann tú le do PAL faoi conas súil a choimeád ar do ghradam. Is é do PAL an té atá freagrach as do ghradam Airgid a cheadú.

Is féidir na leathanaigh taifid a úsáid le do dhul chun cinn a rianú agus iarraidh ar mhaor fásta agus/nó do PAL na gníomhaíochtaí a shíniú.

Cliceáil chun do Leathanach Taifid don Ghradam Airgead a íoslódáil

Leathanach Taifid don
Ghradam Airgead



Úsáideann rannpháirtithe Gaisce grianghraif, dialanna, feidhmchláir agus mar sin de chun cuntas a choimeád dá nGradam.

Leid úsáideach: Tóg grianghraif gach seachtain de na leathanaigh taifid, ar eagla go gcaillfeá iad, ionas go mbeidh an fhianaise agat i gcónaí le taispeáint do do PAL.

DO GHRADAM A CHRÍOCHNÚ

Nuair a bheidh gach riachtanas don Ghradam Airgid comhlíonta agat, ba cheart é sin a insint do do PAL agus na leathanaigh taifid líonta isteach (agus aon fhianaise eile) a thabhairt di nó dó agus déarfadh an PAL leat an leor é don ghradam.

Ceadaíonn do PAL do ghradam trína dtairseach PAL ar líne agus seoltar do ghradam agus do theastas díreach chuig an PAL.

Déarfadh do PAL leat é nuair a bheidh do ghradam le fáil agat, mar shampla ag searmanas speisialta gradam le daoine eile a bhuaigh Gradam Cré-umha Gaisce.

Nuair a bheidh an Gradam Airgid déanta agat, smaoinigh ar dhul ar aghaidh chuig an nGradam Óir! Eagraíonn Gaisce seimineáir ghréasáin do rannpháirtithe atá ag smaoineamh ar thús a chur lena dTuras Óir. Tuilleadh eolais [anseo](#).